

Foirm Iarratais.(Bloclítreacha)

1. Ainm: _____
2. Seoldh _____
- _____
3. Fón : _____ Fón póca: _____
- Esheoladh: _____
4. Dáta Breithe : _____
5. Coláiste _____
6. Cúrsa atá ar siúl agat: a) B.Oid. (Tréimhse 1) _____
- b) B.Oid. (Tréimhse 2) _____ c) Iarchéim: _____
- d) Eile : _____
7. Caighdeán Gaeilge : Ard :Meán : Bun: _____
8. Eolas maidir le cáirde, lóistín, tinneas agus rL.: _____
- _____
9. Cúrsa Coicise : Dátaí ar an suíomh idirlíon www.odireain.com Táille : _____ euro.
- Síniú an Scoláire : _____

Glacaim le rialacha an Choláiste: _____

Seol an fhoirm seo chuig an gColáiste agus 100 éarlais (deposit) chun clárú:

An Rúnaí. Coláiste Ó Direáin, Fearann an Choirce, Cill Rónáin,

Oileáin Árann, Co na Gaillimhe.

Fón : 085-7834466 | 0876979979 | Ephost : eolas@odireain.com

Taisteal - ar an mbád 'Draíocht na Farraige' ó Ros a'Mhíl ar an Aoine ar 6.30

www.aranstrandferries.com

*Is féidir éarlais 100 euro a íoc tríd an mbainc
nó tríd an bpost le seic nó ordú poist.
Is gá an táille a bheith íoctha roimh an
gcéad lá de Mhí an Mháirta.*

Coláiste
Ó Direáin
INIS MÓR

www.odireain.com - eolas@odireain.com

*Is féidir clárú ach elitir a chur chuig eolas@odireain.com



Coláiste
Ó Direáin
INIS MÓR


**Cúrsaí Gaeilge
d'Ábhair Oidí**



www.odireain.com

Tá Coláiste Ó Direáin ag cur cúrsaí ar fáil faoi Cháisc d'ábhar Oidí ar Inis Mór, Árainn Co na Gaillimhe.

Beidh an cúrsa i gColáiste Ó Direáin dírithe ar fhorbairt scileanna teanga na mac léinn agus ar úsáid agus ar chruthú áiseanna foghlama agus teagaisc. Beidh deis ag na scoláirí an Ghaeilge atá acu a chleachtadh in atmaisféar folláin, taitneamhach agus cairdiúil. Cuirfear béim i ranganna na maidine ar chruinneas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge. Déanfar díriú ar théamaí an churaclam, ar chúrsaí gramadaí, ar an bhfillteán foghlama agus ar ullmhúchán don bhéaltriail, i seisiúin na maidine.



Coláiste Ó Direáin

Ionad an Choláiste

Tá an Choláiste suite ar Inis Mór, Árainn. Is áit é seo a bhfuil saibhreas mór ann ó thaobh na staire, na seandálaíochta, na tíreolaíochta, na litríochta agus an chultúir de. Tá áiseanna nua-aimseartha againn- córas fuaime agus físe agus saor-rochtain ar Wi-Fi san áireamh. Bainfear úsáid as na hilmheán agus tabharfar eolas do na micléinn ina dtaobh.

Siollabas an chúrsa

Leanfar an Siollabas Teagaisc atá leaghta síos ag na Coláistí Oiliúna. Déanfar soiléiriú ar na scileanna foghlama agus ar mhodhanna a úsáidtear chun teanga a mhúineadh. Déanfar forbairt ar acmhainnaí do mhúineadh na Gaeilge sa bhunscoil, ar an bhfillteán foghlama agus ar théamaí Churaclam na Bunscoile.

Imeachtaí Trathnóna agus Oíche

Eagrófar imeachtaí iarnóine agus oíche a rachaidh chun tairbhe do na scoláirí. Tá áiseanna againn don pheil, don Chispheil, Eitpheil, Uní-hoc, Leadóg, Leadóg Boird, Rothaíocht, Curachóireacht, Snámh agus rí. agus eagrófar iad de réir mar a oireann. Beidh siúlóidí dúlra, turais oidhreachta, ceardlainn drámaíochta, ealaíne agus ceardaíochta, agus iascaireacht, ar siúl sa trathnóna. San Oíche beidh seisiúin ceoil, amhránaíochta, damhsa agus rí ar siúl.

Lóistín

Cuirfear lóistín ar fáil i dtithe gurbh í an Ghaeilge gnáth theanga mhuintir an tí. Tá na tithe seo ar ardchaighdeán agus iad cláraithe leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Foireann

Beidh foireann teagaisc ar ard-chumas fostaithe.

